Gaelscoil Chnoc Liamhna - Nuachtlitir 24/10/25

**Dátaí don Dialann/ Dates for the Diary**

**Deireadh Fómhair/ Samhain (*October/November*) :**

| | |
|---|---|
| **27/10-31/11/24** | Scoil dúnta - Briseadh lár téarma.<br>*School closed for mid-term break.(1 week incl)* |

**Nollaig/Eanáir (*December / January*):**

| | |
|---|---|
| **02/12/24** | Scoil Dúnta: Lá traenála múinteoirí<br>*School Closed: Teacher Training Day)* |
| **22/12/24-2/01/25** | Scoil dúnta le haghaidh Laethanta Saoire na Nollag.<br>*School closed for Christmas Holidays. (2 weeks incl)* |

**Imeachtaí eile a bheidh ar siúl/*Upcoming Events***

| | |
|---|---|
| **7/11/25** | Oidhreacht i Scoileanna: Cuairt ó shaineolaí<br>*Heritage In Schools: Visit from an Expert* |
| **12/11/25** | PAWS Sábhailteacht Uisce<br>*PAWS School Visit to educate children on water safety* |
| **21/11/24** | Lá na Seantuismitheoirí: Rang 2 & Rang 6<br>*Grandparent's Day: Rang 2 & Rang 6* |
| **16/12/24** | Dráma na Nollag (Naíonáin Bheaga - Rang 2)<br>*Christmas Play (Junior Infants - 2nd Class)* |

| | |
|---|---|
| **17/12/24** | Dráma na Nollag (Rang 3 – Rang 6)<br>*Christmas Play (3rd Class – 6th Class* |

## Oíche Shamhna

Ghléas na páistí suas inniu, agus bhí sé soiléir gur cuireadh an-iarracht agus ullmhúchán isteach sna héadaí iontacha, táim cinnte gur bhuail go leor cloganna aláraim go luath ar maidin! Rinneamar bailiúchán don 'Chumann Croise Dheirg na Palaistíne'.
Míle buíochas leo siúd a thug airgead ar son na cúise seo.

The children dressed up today, and it was clear that a huge amount of effort and preparation had gone into their wonderful outfits. I'm sure many alarm clocks went off early this morning! We also held a collection for the 'Palestine Red Crescent Society.' Many thanks to all who contributed so generously to this worthy cause.

## Sábháilteacht/ Safety

Bhí Garda Pat ag labhairt le Ranganna 3-6 faoi Oíche Shamhna ar an Luan, an 13/10. Bhí mise agus na múinteoirí ag labhairt leis na daltaí faoi conas iad féin a choimeád sábháilte ag Oíche Shamhna. Tá eolas acu anois faoin mbaol a bhaineann le tinte ealaíne agus tinte cnámh agus an éifeacht atá acu ar ainmhithe. Freisin tuigeann siad gur chóir dóibh a bheith tuisceanach do sheandaoine ag an am seo den bhliain.

*Garda Pat was in on Monday the 13th of October to chat to R3-R6 with regard to safety for Hallowe'en. The class teachers and I have been talking with all of the children about safety during Hallowe'en. They now have an understanding of the dangers of fireworks and bonfires. They also know of their effect on animals. They know to be considerate of older people who may be scared in their homes. I wish all of the children an enjoyable and safe Hallowe'en.*



## ✝ Na Sacraimintí/ *The Sacraments*

Seo iad na dátaí agus na hamanna le haghaidh na n-ócáidí Naofa i mbliana

*These are the confirmed times and dates of the various religious ceremonies this year:*

**Rang 2**:

Céad Chomaoineach/ First Holy Communion **Satharn/Sat 09/05/26 @ 11am sa séipéal**

**Rang 6:**

Cóineartú/ Confirmation **Aoine/Friday 24/04/25 sa séipéal @ 11am**

## Seachtain na Mata/ Math's Week.

Bhí **Seachtain na Mata** againn sa scoil agus bhí an-am ag na daltaí. Míle buíochas le múinteoir Colm a bhí ag eagrú go leor imeachtaí dúinn.

*The children had a fantastic time during maths week. A big thank you to Múinteoir Colm for organising so many activities for the students.*






**<u>Imeachtaí eile:</u>**

Bhí siúlóid dúlra ag Naíonáin Bheaga agus Móra.

*Junior infants went on their first nature walk.*



## <u>Spórt sa scoil/ Sport in school</u>

**Cumann na mBunscol <u>Peil Ghaelach/*Gaelic Football*</u>**

Bhí sé go hiontach buachaillí ó ranganna 3-6 a fheiceáil ag traenáil agus ag imirt cluichí an téarma seo. Táimid an-bhródúil astu agus as a gcuid scileanna imeartha ar an bpáirc. Ba

maith liom mo bhuíochas a chur in iúl do na traenálaithe a bhí ag na buachaillí, Paddy, Niall, agus Louise.

*It was wonderful to see the boys from 3rd to 6th class participating in training and matches and we are very proud of them and their skills on the field. I would like to express my thanks to the boy's coaches, Paddy, Niall, and Louise who carried out the training and organised the matches.*



**Peil na gCailíní**

Bhí ceiliúradh mór sa scoil an tseachtain seo nuair a bhuaigh foireann na gcailíní an cluiche ceannais i bPáirc an Chrócaigh ar an Luan, an 20ú Deireadh Fómhair. Táimid chomh bródúil astu. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do na traenálaithe; Kevin, as ucht an traenáil a dhéanamh agus le Dónal, Dermot agus Brendan a chabhraigh na cailíní a ullmhú do na cluichí, táim chomh buíoch daoibh.

*There were big celebrations in the school this week as the girls' team won the final in Croke Park on Monday, the 20th of October. We are so proud of all the girls from 3rd to 6th class who took part in the training and matches. I would like to express my thanks to the coaches, Kevin, for all his training sessions, Dónal, Dermot and Brendan who helped during the matches.*






Ócáid an-speisialta a bhí ann agus gabhaim mo bhuíochas le gach duine a rinne an lá chomh speisialta idir mhúinteoirí na scoile, páistí agus tuismitheoirí a bhí i bPáirc an Chrócaigh, Ger san oifig a d'eagraigh na busanna agus Cairde na Scoile a d'eagraigh cóisir do na cailíní i gClub Naomh Éanna, Baile Bhuadáin.

*It was a big occasion and thanks to everyone who made the day so special from the class teachers, the children and parents who were in Croke Park, Ger in the office who organised the buses, and Cairde na Scoile who organised a party for the girls in St. Enda's Club, Ballyboden.*






**Imreoirí ón bhFoireann Shinsir Baile Bhuadáin Naomh Éanna**

***Ballyboden Senior Football Players***

Bhí an phribhléid againn Fáilte Uí Cheallaigh a chur roimh thriúr iar-dhaltaí na scoile ar an 23ú Deireadh Fómhair, Séamus Ó hUallacháin, Colm Basquel agus Daire Mac Suibhne, atá mar imreoirí den fhoireann a bhuaigh Sraith na hÉireann agus Craobhchomórtas Shinsir Pheile Bhaile Átha Cliath. D'aithin siad go leor de na múinteoirí sa scoil, cuid acu a mhúin iad. Táimid thar a bheith bródúil as a gcuid éachtaí. Bhain na múinteoirí agus na páistí taitneamh as ceisteanna a chur orthu, agus bhí na himreoirí  breá sásta lámha agus geansaithe a shíniú!

*We had the privilege of welcoming back three of our past pupils on the 23rd of October, Séamus Ó hUallacháin, Colm Basquel and Daire Mac Suibhne, all members of the winning teams in both the League and the Senior Football Championships. They recognised many familiar faces among the staff, including some of their former teachers. We are immensely proud of their achievements. The teachers and children enjoyed asking them questions, and the players kindly signed countless jerseys and arms!*




***<u>Naíonán Mhóra/ Rang 1</u>***

Bhí Naíonán Mhóra agus Rang 1 ag foghlaim scileanna peile agus iománaíochta ar scoil le Seán Óg ó Bhaile Buadáin. Tá siad ag baint an-taitneamh as.

*The children in Senior Infants and First Class are enjoying their GAA skills sessions with Seán Óg from Ballyboden.*

**Tionscnamh Athchúrsála  Rang 6/ 6th *Class Recycling Project*.**

Bhí  páistí i Rang 6 an-ghnóthach ag obair ar thionscnamh faoi athchúrsáil agus bhí orthu sma oineamh ar bhealaí chun athchúrsáil a dhéanamh ar ábhair éagsúla. Rinne páistí málaí as sean-éadaí agus rinne siad feistis as a lán ábhair eile mar plaisteach agus cairtchláir. Molaím a gcuid scileanna cruthaíochta.

*The 6th class children were very busy working on a project about recycling and had to come up with ways to recycle different materials. The children made bags from old clothes and created outfits from many other materials such as plastic and cardboard. Future designers in the mix there!*






## Cótaí/Coats

Ba cheart go mbeadh cóta ag gach páiste agus iad ag teacht ar scoil. Uaireanta bímid sa chlós nuair a bhíonn sé ag cur báistí go héadrom agus nuair a bhíonn sé fuar. Más féidir libh a chinntiú freisin go bhfuil ainm do pháiste scríofa ar a gcuid éadaí

*All students should have a coat with them each day in school. We are often on the yard when it is raining lightly and when it's cold. Also, it would help if all student's clothing had their names on the label.*

## Cairde na Scoile

Míle buíochas le Cairde na Scoile as ucht gach rud a dhéanann siad ar son na scoile. Tá siad tar éis na ranganna iarscoile a eagrú, cabhrú linn maidin caifé a eagrú do na tuismitheoirí nua agus cabhrú linn airgead a thiomsú don scoil. D'eagraigh siad cóisir do na cailíní freisin.

*I want to thank Cairde na Scoile for all they do for the school. They have helped organise the afterschool classes, helped with the coffee morning for parents of the infant classes and also helped to organise a party for the girls.*

**Samhain Shona daoibh go léir!**

